



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

Treoir Úsáideora na Cúirte Oibreachais

Cuirtear an bhileog seo ar fáil mar threoir faisnéise amháin agus ba chóir í a léamh i gcomhar le Rialacha na Cúirte Oibreachais 2019, atá ar fáil ar www.labourcourt.ie

Bealtaine 2019

An Chúirt Oibreachais

Is comhlacht neamhspleách um réiteach díospóide san ionad oibre í an Chúirt Oibreachais a sholáthraíonn seirbhís chuimsitheach chun díospóidí a bhaineann le caidrimh thionsclaíocha agus cearta fostaíochta a réiteach. Tá an Chúirt Oibreachais maoinithe go poiblí agus, go ginearálta, cuireann sí a seirbhísí ar fáil saor in aisce don phobal ¹.

Déileálann an Chúirt Oibreachais le dhá chineál cásanna ar leith. I ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch feidhmíonn sí mar bhinse a éistean leis an dá thaobh den díospóid agus eisíonn sé moladh i scríbhinn ina leagtar amach a tuairim ar an gcaoi ar cheart an díospóid áirithe a réiteach. Táthar ag súil go ndéanfaidh na páirtithe sa díospóid breithniú tromchúiseach ar mholadh na Cúirte.

I gcásanna cearta fostaíochta, éistean an Chúirt le hachomhairc ar chinntí na nOifigeach Breithiúnais faoi gach ceann de na reachtanna éagsúla dlí fostaíochta i gcás ina ndéanann oibrí aonair gearán ag líomhain gur sháraigh fostóir a gcearta fostaíochta reachtúla. Baineann na cásanna seo le teidlíochtaí reachtúla na n-oibríthe, mar sin, eisíonn an Chúirt Oibreachais cinntí i scríbhinn atá ceangailteach ó thaobh dlí agus infhorghníomhaithe ar na páirtithe. Is féidir cinntí a tharchur chuig an Ard-Chúirt, ar bhonn achomhairc ar phointe dlí nó le haghaidh athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar imeachtaí na Cúirte.

Tá sé de chumhacht ag an gCúirt rialacha a dhéanamh maidir lena himeachtaí a rialú. Tá cóip de na Rialacha ar fáil ag www.labourcourt.ie

Conas a Oibríonn an Chúirt Oibreachais

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais trí éisteachtaí ó bhéal roimh rannáin na Cúirte atá comhdhéanta de triúr dhuine. Ar gach rannán i gcomhar éisteachta tá Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach agus ionadaí fostóirí agus oibríthe araon, ag glacadh páirte ar bhonn comhionann.

Reachtáiltear éisteachtaí a bhaineann le cásanna caidrimh thionsclaíoch go príobháideach, agus reachtáiltear éisteachtaí a bhaineann le cásanna cearta fostaíochta go poiblí faoi réir eisceachtaí áirithe².

¹ Más mian leat achomharc a dhéanamh ach má theipeann ort bheith i láthair ag an gcéad éisteacht ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre beidh ort táille de €300 a íoc nuair a dhéanann tú d'achomharc a thaisceadh.

² Féadfaidh páirtí in achomharc a bhaineann le cearta fostaíochta iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun an éisteacht, nó cuid den éisteacht, a dhéanamh go príobháideach mar gheall ar imthosca speisialta.

Is é príomhról na Cúirte Oibreachais i ndíospóidí caidrimh thionscail ná moltaí a dhéanamh chun díospóidí a réiteach nuair a theipeann ar iarrachtaí eile an díospóid a réiteach, i.e. ba chóir go n-úsáidfeadh oibríthe agus fostóirí, i bhformhór na gcásanna, den chéad uair, modhanna díreacha réitigh agus innealra eile an Stáit a úsáid m.sh. Seirbhís Idir-Réitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) nó Seirbhís Idirghabhálaí / Breithnithe an WRC. Sa chás go ndearnadh gach iarracht an díospóid a réiteach ag an WRC agus nach bhfaightear réiteach ar an díospóid, is féidir an t-ábhar a tharchur ansin chuig an gCúirt Oibreachais.

I gcásanna cearta fostaíochta, ní mór don oibrí a gcás a tharchur ar dtús chuig an WRC lena bhreithniú. Sa chás go bhfuil ceachtar páirtí míshásta le cinneadh an Oifigigh Breithnithe, is féidir an cinneadh sin a achomharc chuig an gCúirt Oibreachais. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-éistear le cás ar achomharc roimh an gCúirt Oibreachais (de novo) amhail is nár tharla an chéad chéim. Ní féidir aon éilimh nua a thabhairt isteach ag céim an achomhairc.

Bíonn cúig chéim i gceist le cásanna os comhair na Cúirte Oibreachais:

- i. Díospóid / achomharc a tharchur
- ii. Socrú d'éisteacht na Cúirte Oibreachais
- iii. Déanann páirtithe aighneachtaí i scríbhinn a thaisceadh
- iv. Éisteacht os comhair na Cúirte
- v. Eisíonn an Chúirt a Moladh / Cinneadh.

Céim a hAon: Atreoraithe agus Achomhairc

(a) Cásanna Caidrimh Thionscail a tharchur chuig an gCúirt

Tarchur ag an WRC tar éis comhréitigh

Sa chás nach réitíodh díospóid caidrimh thionsclaíoch (díospóid chomhchoiteann de ghnáth) - a bhaineann go ginearálta le rátaí pá agus/nó coinníollacha fostaíochta agus a bhaineann le hoibríthe/ceardchumann agus lena bhfostóirí - ag baint úsáide as seirbhísí idir-réitigh an WRC, an WRC, ar iarratas, féadfaidh an bheirt pháirtí sa díospóid nár réitíodh a chur faoi bhráid na Cúirte.

Achomharc a dhéanamh ar Mholadh Oifigeach Breithnithe

I gcás go n-éistfidh Oifigeach Breithnithe cás faoin Acht Caidrimh Thionscail a bhfuil oibrí aonair i gceist agus gur eisigh sé Moladh a eisiúint, féadfaidh ceachtar páirtí sa díospóid an Moladh a achomharc chuig an gCúirt Oibreachais; ní mór achomhairc den sórt sin a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais laistigh de **42 lá**

ó dháta Mholadh an Oifigigh Breithnithe. Chun amhras a sheachaint, áirítear dáta Mholadh an Oifigigh Breithnithe mar lá 1 den 42 lá. Féadfar atreoruithe den sórt sin a dhéanamh ag baint úsáide as Foirm Achomhairc na Cúirte Oibreachais atá ar fáil ag www.labourcourt.ie. Níl aon chumhacht ag an gCúirt an t-am a shíneadh chun achomharc a dhéanamh maidir le Moladh an Oifigigh Breithnithe a rinneadh faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

Atreorú Díreach ag Oibrí/Oibrithe

Féadfaidh oibrí nó oibrithe i ndíospóid trádála, nó ceardchumann ar a c(h)eann nó thar a gceann, cás a tharchur go díreach chuig an gCúirt Oibreachais faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, ar choinníoll go n-aontaíonn an t-oibrí/oibrithe roimh ré glacadh le Moladh na Cúirte Oibreachais. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, nuair a chuir an t-oibrí/ceardchumann an díospóid faoi bhráid Sheirbhís Breithnithe an WRC ar dtús ach níor aontaigh an fostóir go n-éistfeadh Oifigeach Breithnithe leis an gcás. I gcás den sórt sin cuirfidh an WRC in iúl don oibrí / don cheardchumann nár aontaigh an fostóir freastal ar éisteacht an Oifigigh Bhreithnithe agus go bhféadfar atreorú díreach a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Féadfar atreoruithe den sórt sin a dhéanamh ag baint úsáide as an bhFoirm ábhartha Alt 20 (1) atá ar fáil ar www.labourcourt.ie

Comhthreorú Díreach ag Oibrí/Oibrithe agus Fostóir

Féadfaidh oibrí nó oibrithe agus a bhfostóir atá i mbun díospóide trádála an díospóid a chur díreach chuig an gCúirt Oibreachais faoi Alt 20 (2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 ar choinníoll go gcomhaontaíonn an dá pháirtí roimh ré glacadh le Moladh na Cúirte Oibreachais .

(b) Achomhairc ar Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe a tharchur chuig an gCúirt i gCásanna Cearta Fostaíochta

Éistean an Chúirt le hachomhairc faoi na reachtanna dlí fostaíochta éagsúla ina ndéanann oibrí aonair gearán ag líomhain gur sháraigh fostóir a gcearta fostaíochta reachtúla. Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí nó an dá pháirtí achomharc a tharchur chuig an gCúirt Oibreachais faoi Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe i gcásanna cearta fostaíochta laistigh de **42 lá** ó dháta Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe, ag baint úsáide as Foirm Achomhairc na Cúirte Oibreachais atá ar fáil ag www.labourcourt.ie

Ní fhéadfaidh an Chúirt an teorainn ama a shíneadh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Nuair a fhaightear an fhoirm achomhairc, cuirfear stampa uirthi agus is é seo an dáta a measfar go bhfuair an Chúirt Oibreachais í. Tosaíonn an

teorainn ama de **42 lá** ó dháta chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe agus áirítear leis an dáta sin. Chun amhras a sheachaint, áirítear dáta Chinneadh an Oifigigh Breithnithe mar lá 1 den 42 lá.

Ní hé cuspóir an achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe ach an cás a chur ar aghaidh ‘de novo’ go dtí an Chúirt.

TABHAIR FAOI DEARA: Cinntigh le do thoil go luaitear ainm cláraithe an fhostóra i gceart in aon tarchur chuig an gCúirt.

Céim a Dó: Socrú d'éisteacht na Cúirte Oibreachais

- Sa chás go bhfuil comhaontú ag an gcomhréiteach díospóid caidrimh thionsclaíoch a atreorú go comhphárteach chuig an gCúirt Oibreachais, déanfaidh an WRC, má iarrann na páirtithe air agus má tá sé sásta é sin a dhéanamh, an tsaincheist a chur faoi bhráid na Cúirte. Déanfaidh Rannóg Chlárúcháin na Cúirte teagmháil ansin leis an dá pháirtí ag tabhairt sonraí maidir le cathain a chaithfidh an Chúirt na haighneachtaí i scríbhinn a fháil, lena dtugtar am, dáta agus ionad don éisteacht.
- Sa chás go bhfaigheann an Chúirt achomharc ar Mholadh / Cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe nó ar atreorú díreach faoi Alt 20 (1) nó Alt 20 (2) den Acht Caidrimh Thionscail 1969, déanfaidh an Rannóg Chlárúcháin teagmháil leis na páirtithe ar an gcaoi chéanna agus tabharfaidh sí sonraí maidir le cathain nach mór don Chúirt na haighneachtaí i scríbhinn a fháil agus am, dáta agus ionad a thabhairt don éisteacht. Is féidir Foirmeacha Achomhairc a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie agus caithfear iad a chur ar ais mar aon le cóip de Mholadh / Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe.
- I gcás atreoraithe díreacha a dhéanann oibrí/oibrithe faoi Alt 20 (1) den Acht Caidrimh Thionscail 1969, is féidir Foirm Alt 20(1) a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie . Ní mór don oibrí an Fhoirm seo a shíniú ag deimhniú go mbeidh sé/sí faoi cheangal ag an toradh.

Reachtáiltear éisteachtaí na Cúirte Oibreachais i mBaile Átha Cliath agus i roinnt ionad ar fud na tíre. Má tá ateangaire nó tacaíocht eile ag teastáil, ba chóir an t-iarratas seo a lua ar an bhFoirm nuair atá an t-achomharc/atreorú díreach á chur isteach. Is gnách go mbíonn éisteachtaí sceidealta ar feadh 90 nóiméad ach ag brath ar chastacht an cháis is féidir iad a sceidealú ar feadh tréimhse níos faide.

Céim a Trí: Déanann páirtithe aighneachtaí i scríbhinn

*Aighneachtaí i gcásanna a atreoraíodh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail agus achomhairc a rinneadh faoi Achtacháin um Chearta Fostaíochta **seachas** na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach*

Ní mór do pháirtithe achomhairc **cúig chóip** a sholáthar don Chúirt Oibreachais dá gcuid aighneachtaí i scríbhinn faoi seach tráth nach déanaí ná: -

- 7 lá oibre roimh an dáta socraithe chun cás caidrimh thionsclaíoch a éisteacht
- 10 lá oibre roimh éisteacht de chás a bhaineann le cearta fostaíochta

Caithfear cóip eile a mhalartú leis an bpáirtí eile. Ní mór deimhniú a thabhairt don Chúirt go bhfuil na haighneachtaí malartaithe idir na páirtithe.

Is í an chuspóir le haighneacht i scríbhinn cuidiú le comhaltaí na Cúirte tuiscint a fháil ar sheasamh / argóintí an pháirtí maidir leis an tsaincheist / na ceisteanna a bhfuiltear ag gearán ina leith nó ina bhfuil díospóid ann. Is deis í an aighneacht do gach páirtí a gcás a leagan amach agus na fáthanna a greideann siad gur chóir go n-éireodh lena gcás a lua. I gcásanna cearta fostaíochta, sa bhreis ar na haighneachtaí, ceanglaítear ar pháirtithe sonraí faoi fhinnéithe, más ann dóibh, a bheidh le héisteacht mar chuid d'achomharc a chur isteach, agus ba chóir ráitis finné a áireamh freisin. Ní thógann an Chúirt fianaise faoi mhionn i gcásanna caidrimh thionsclaíoch.

Níor chóir go mbeadh an phríomhpháirt den aighneacht i scríbhinn níos mó ná 4 go 5 leathanach agus ba chóir go mbeadh an doiciméadú tacaíochta ábhartha curtha san áireamh mar aguisíní. Más mian le páirtí aird na Cúirte a tharraingt ar fasaigh dlí ansin ba chóir cóip díobh seo a chur san áireamh leis an aighneacht. Ba cheart uimhir a chur ar gach leathanach den aighneacht, na hagusíní agus aon cháipéisíocht eile a cuireadh isteach, ionas go mbeidh siad éasca le tarchur ag an éisteacht.

Aighneachtaí Achomhairc faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach

I gcás achomharc faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, tá socruithe difriúla i bhfeidhm. I gcásanna den sórt sin, iarrfaidh an Chúirt ar an Achomharcóir **cúig chóip** dá aighneacht a chur isteach laistigh de thrí seachtaine ón achomharc a thaisceadh ina leagtar amach na saincheisteanna fíorasacha agus dlíthiúla a mbítear ag brath orthu. Ba

chóir cóip don Achomharcóir eile a sheoladh díreach chuig an Freagróir. Éileofar ar an bhFreagróir ansin **cúig chóip** dá aighneacht a chur isteach laistigh de thrí seachtaine eile, agus ba cheart don Fhreagróir cóip eile a chóipeáil chuig an Achomharcóir ag an am céanna. Ní mór deimhniú a thabhairt don Chúirt go bhfuil na haighneachtaí malartaithe idir na páirtithe.

Ba chóir go mbeadh ráiteas ag gabháil leis na haighneachtaí maidir le líon na bhfinnéithe, más ann dóibh, a bhfuil sé i gceist ag an bpáirtí, a chomhdaíonn an aighneacht, a ghairm ag éisteacht an achomhairc. Teastaíonn an fhaisnéis seo chun an Chúirt a éascú maidir leis an am a theastaíonn don éisteacht á mheas. Nuair a bheidh na haighneachtaí sin go léir faighte, ansin beidh na cásanna seo leagtha síos le haghaidh éisteachta.

TABHAIR FAOI DEARA: Maidir le haighneachtaí/doiciméid/aguisíní a chuirtear ar fáil don Oifigeach Breithnithe ag an gcéad dul síos, **ní chuirtear** ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais iad don achomharc - is comhlachtaí ar leithligh iad an WRC agus an Chúirt Oibreachais. Más mian leat aon doiciméadú a thabhairt ar aird na Cúirte ansin ní mór é a chur san áireamh le d'aighneacht chuig an gCúirt.

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san aighneacht scríofa: -

Ráiteas ar an gcás: an tsaincheist / na saincheisteanna atá faoi dhíospóid a shainaithint go soiléir / sonraí an éilimh as ar eascair an t-achomharc agus más ábhartha, na codanna áirithe den reachtaíocht a bhfuiltear ag brath uirthi.

Cúlra: ráiteas achomair ar an gcúlra fíorasach. I ndíospóidí comhchoiteanna áirítear sonraí na cuideachta / na heagraíochta, líon na mball foirne atá fostaithe, sonraí na dtéarmaí agus na gcoinníollacha fostaíochta ábhartha. I díospóidí aonair, cuir sonraí na dátaí fostaíochta, po(i)st a bhí i seilbh agus ráta pá, san áireamh. Tabhair sonraí maidir le cathain a d'eascair an tsaincheist ar dtús agus na bearta a rinneadh chun an díospóid a réiteach.

Argóintí: na príomhphointí a leagan amach chun tacú leis an gcás. Déan tagairt do agus cuir san áireamh aon Chomhaontú Cuideachta / Ceardchumainn nó cásanna roimhe seo a thacaíonn leis na hargóintí. Tabhair achoimre ar aon argóintí dlí agus cásdlí a mbítear ag brath orthu le linn achomhairc. Cuir san áireamh cóipeanna de na cásanna a bhfuiltear ag brath orthu chun tacú leis an gcás, sainaithin na míreanna ábhartha. Déan iarracht déileáil le hargóintí a d'fhéadfadh an páirtí eile a dhéanamh.

Conclúid: achoimriú a dhéanamh ar na hargóintí agus a léiriú cad ba cheart don Chúirt a mholadh /a chinneadh agus cén fáth ar cheart go n-éireodh leis an gcás nó nach n-éireodh leis.

Céim a Ceathair: Éisteacht os comhair na Cúirte

Iompar na hÉisteachta

Is é Cathaoirleach Rannán na Cúirte a bhfuil an t-achomharc á éisteacht aici a rialóidh éisteacht. Is féidir le páirtí in achomharc ionadaíocht a dhéanamh trí:

- Ionadaí Ceardchumainn
- Ionadaí d'Eagraíocht Fostóirí
- Atur nae nó Abhcóide (tá toiliú na Cúirte ag teastáil i gcásanna Caidrimh Thionscail)
- Le toiliú na Cúirte, aon duine eile a roghnaíonn siad.

Freastalaíonn Rúnaí Cúirte ar an éisteacht chun tacú le baill an Rannáin i gcáil riaracháin.

Imeachtaí Cúirte ar Lá na hÉisteachta

Ba chóir do pháirtithe teacht chuig an ionad éisteachta 15 nóiméad ar a laghad sula dtosaíonn an éisteacht. Beidh Rúnaí na Cúirte ar fáil nuair a thiocfaidh sé chun na foirmiúlachtaí agus an prótacal a mhíniú agus chun na páirtithe a shíniú isteach sula dtosaíonn an éisteacht.

Cuirfidh Rúnaí na Cúirte ainmneacha chomhaltaí na Cúirte ar fáil roimh thús na héisteachta. Le linn na héisteachta féadfar Cathaoirleach na Cúirte a sheoladh mar “Chathaoirleach” agus comhaltaí na Cúirte mar an tUasal X nó a Bhean Uasail X.

Fógróidh Rúnaí na Cúirte an cás agus seasfaidh na páirtithe nuair a thiocfaidh an Chúirt isteach agus nuair a fhágann sí an Chúirt. Ach amháin i gcásanna a mheasann an Chúirt go bhfuil sé áisiúil na haighneachtaí scríofa a mheasadh ar nós gur léadh iad, léifidh gach páirtí a n-aighneacht agus tabharfar deis don pháirtí eile trácht a dhéanamh ar an aighneacht a thíolacfaidh an páirtí eile. Níor chóir glacadh leis seo mar dheis eile chun a gcás a athlua; in áit, is deis í chun trácht a dhéanamh ar an aighneacht i gcoinne. Chun an cás atá á chur i láthair a thuiscint go hiomlán, rachaidh an Chúirt ar aghaidh ansin ag cur ceisteanna ar an dá pháirtí.

Ní abhcóidí do cheachtar taobh iad comhaltaí na Cúirte. Mar sin féin, in achomharc a rinneadh faoi achtachán um chearta fostaíochta, sa chás nach ndéanann abhcóide dlí ionadaíocht ar pháirtí amháin nó eile, féadfaidh an Chúirt

roinnt cúnaimh a sholáthar le linn na héisteachta. Cuirfear aon chúnamh den sórt sin ar fáil laistigh de theorainneacha oibleagáidí na Cúirte maidir le héisteacht chóir a sheoladh.

Cuirtear gach doiciméad a chuirtear faoi bhráid na Cúirte roimh ré, le linn éisteachta nó ina dhiaidh sin ar fáil don pháirtí eile sa chás freisin. Ní ghlacfaidh an Chúirt le faisnéis ó pháirtí amháin ar bhonn príobháideach ná rúnda. Ní féidir faisnéis / cáipéisíocht a thabhairt don Chúirt tar éis éisteachta mura n-iarrann an Chúirt go sonrath ar an bhfaisnéis / an doiciméadú sin.

NÓTA: ní chuireann an Chúirt taifead den éisteacht ar fáil do na páirtithe. Le cead ón gCúirt, i gcásanna cearta fostaíochta amháin, is féidir le páirtithe socrú a dhéanamh go mbeadh luathscríbhneoir cúirte i láthair ag éisteacht, ar a gcostas féin. Ba chóir an Chúirt agus an páirtí eile a chur ar an eolas roimh ré maidir leis na socrúithe sin.

Finnéithe agus Scrúdú faoi Mhionn

I gcásanna cearta fostaíochta, féadfaidh an Chúirt fianaise faoi mhionn a ghlacadh. Éileofar ar finnéithe mionnú a dhéanamh nó dearbhú a dhéanamh roimh thosach na héisteachta.

Is é an páirtí a ghlaonn an finné atá freagrach as finnéithe a bheith i láthair. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh nach gá éisteacht le gach finné a aithníonn na páirtithe. I gcúinsí teoranta, is féidir leis an gCúirt iallach a chur ar fhinné a bheith i láthair trí thoghairm fhinné fhoirmiúil a eisiúint. Déantar na finnéithe a cheistiú ar dtús óna thaobh féin, agus ansin déanann an taobh eile scrúdú orthu; féadfaidh comhaltaí na Cúirte ceisteanna a chur ar na finnéithe freisin.

Céim a Cúig: Eisíonn an Chúirt a Moladh / Cinneadh.

Tar éis na héisteachta eiseoidh an Chúirt Moladh / Cinneadh i scríbhinn a luaithe is féidir tar éis dheireadh na héisteachta, de ghnáth laistigh de thrí seachtaine i ndíospóidí caidrimh thionscail agus laistigh de shé seachtaine i gcásanna cearta fostaíochta. Níl aon bhealach achomhairc ann ó Mholadh ón gCúirt Oibreachais i gcásanna caidrimh thionsclaíoch.

Cearta fostaíochta; Ní féidir cinntí a achomharc ar phointe dlí ach amháin chuig an Ard-Chúirt agus féadfaidh imeachtaí na Cúirte a bheith faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

Ní féidir leis an gCúirt Oibreachais costais dlí a bhronnadh³ .

Tar éis an Moladh / Cinneadh a eisiúint chuig an dá pháirtí, foilsítear é ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie

³Faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, tá sé de chumhacht ag an gCúirt aisíocaíocht speansais réasúnacha a bhronnadh ar fhostaí a tabhaíodh agus a bhí gearán á dhéanamh faoin Acht sin.